Tá ÚAO tiomanta don obair a dhéanfaidh sé leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus lena Roinn, agus oibreoidh sé le hinstiúidí chun sonraí agus comhairle polasaí a sholáthar leis an aidhm polasaí an rialtais a chur chun cinn. Is é ÚAO an phríomhghníomhaireacht ag a mbeidh maoirseacht lárnach ar ár gcóras ardoideachais agus taighde, agus sa ról sin oibreimid chun cur leis an gcóras rathúil atá againn, ceann atá bunaithe ar thacú le mic léinn, ar shármhaitheas a bhaint amach, ar chomhtháthú agus planáil chothromaithe, ar chomhrialáil, ar chomhoibriú agus ar chomha

Michael Horgan,
Cathaoirleach



Brollach ó POF

Ullmháidh an Plean Straitéiseach Corparáideach seo do 2023 – 2026 i ndiaidh próiseas comhairliúcháin laistigh de ÚAO agus lenár bpáirtithe leasmhara. Eascraíonn ár misean – maoiniú, maoirseacht agus rialachas a sholáthar, mar aon le comhairle ar an bhfás earnála – ó fheidhmeanna ÚAO mar atá leagtha síos sa reachtaíocht is déanaí, Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Ar aon dul leis an reachtaíocht nua sin, leagann an Plean amach uailmhianta maidir le conas a thógfaidh ÚAO ar an méid a baineadh amach cheana féin, agus conas a sheasfaidh sé leis an tiomantas atá aige do chreataí agus polasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm, agus conas a oibreoidh sé leis an earnáil chun an fás a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm againn cur leis na forbairtí suntasacha a rinneadh san athchóiriú tírdhreacha a baineadh amach faoin bplean straitéiseach roimhe seo agus leanúint le hathruithe a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar an ardoideachas, conas a sholáthraítear an t-ardoideachas agus conas a dhéantar taighde san earnáil seo. Cuireann an plean seo san áireamh an éagsúlacht atá ann san earnáil ardoideachais agus taighde in Éirinn, conas a fheidhmíonn ár n-institiúidí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus conas a fhreastalaíonn siad ar na réigiúin ina bhfuil siad lonnaithe.

Neartaíonn Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 an córas atá againn. Trí chur leis an reachtaíocht roimhe, cuireann an tAcht ar chumas ÚAO tacú leis an gcóras ardoideachais agus taighde ionas go leanfaidh sé air ag freastal ar riachtanais na mac léinn, ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí. Tá tús curtha le hathruithe eile, go háirithe sa taighde agus sa timpeallacht taighde, agus is dócha go dtabharfar chun críche iad fad is atá an plean seo i bhfeidhm. Freagróidh ÚAO do na cúinsí sin mar is cuí.

Sa phlean straitéiseach seo, ionchorpraítear tomhais feidhmíochta i réimsí a léiríonn ár dtiomantas don dea-chleachtas san ardoideachas agus ar a mbunaítear ár dtreo pleanála agus oibriúcháin. Déanfaidh Feidhmeannas ÚAO monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean seo chun éifeacht agus feidhmíocht an tionscnaimh straitéisigh seo a mheas, agus comhaontófar príomhthomhais feidhmíochta áirithe leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus lena Roinn gach bliain, ag brath ar bhuiséad agus acmhainní.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an tUasal John Randall CBE, a d'oibrigh le ÚAO chun an Plean Straitéiseach Corparáideach seo a fhorbairt. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara, a rannchuidigh leis an bplean a fhorbairt. Bhí siad ríthábhachtach chun na haidhmeanna, na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan síos do na trí bliana atá romhainn.

An Dr Alan Wall,
POF

Ár bhfís

Oibreoidh an tÚdarás um Ard-Oideachas le hinstiúidí chun córas ardoideachais agus taighde Éireannach a sholáthar atá ar ardchaighdeán maidir le teagasc, foghlaim agus taighde agus a léiríonn luachanna an tsármhaitheasa, na saoirse acadúla agus an ionracais, na huileghabhálachta agus na freagrachta sóisialta agus timpeallachta, chun freastal ar riachtanais mhuintir agus gheilleagar na hÉireann.

Ár sainchúram

Tá sainchúram ÚAO leagtha amach sna cuspóirí agus sna feidhmeanna faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. Faoin Acht, déanfaidh ÚAO na nithe a leanas:

- > sármhaitheas a chur cinn maidir le teagasc, foghlaim agus taighde i gcóras ardoideachais ardchaighdeán agus é sin a chaomhnú,
- > tacú le hinstiúidí ardoideachais chun cur le forbairt agus inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha agus timpeallachta, mar aon le húsáid na Gaeilge, trí cheannaireacht, nuálaíocht agus solúbthacht,
- > instiúidí ardoideachais a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmíocht agus luach ar airgead a áirithiú i dtaca leis an maoiniú a chuireann ÚAO ar fáil,
- > comhionannas deise, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san ardoideachas,
- > caidreamh a neartú leis an gcóras oideachais agus leis an tsochaí i gcoitinne,
- > meas a léiriú ar shaoirse acadúil na soláthróirí ardoideachais agus na mball foirne acadúil iontu,
- > freagracht na n-institiúidí ainmnithe ardoideachais a aithint maidir le feidhmíocht agus rialachas na n-institiúidí sin,
- > agus freastal ar riachtanais na mac léinn san ardoideachas mar phríomhthosaíocht.

Ár misean

Eascaíonn misean ÚAO ónár sainchúram reachtúil agus is éard atá i gceist leis ná leasanna na mac léinn agus na sochaí a chur chun cinn trí instiúidí ardoideachais a **mhaoiniú**, oibriú leo chun an earnáil a **forbairt**, **maoirseacht rialála** a dhéanamh agus **comhairle** a sholáthar don Rialtas.

Agus an misean sin á chomhlíonadh aige, déanfaidh ÚAO na rudaí seo a leanas:

- > Instiúidí ardoideachais a **mhaoiniú** go trédhearcach agus go cothromasach chun luach ar airgead a fháil agus sármhaitheas a spreagadh, agus an tionchar is mó is féidir á imirt.
- > Oibriú leis an earnáil chun an córas ardoideachais a **forbairt** de réir cuspóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta eacnamaíocha agus sochaíocha, agus de réir an dea-chleachtais, agus comhairle a thabhairt d'institiúidí maidir leis an dea-chleachtas i gcúrsaí rialachais agus feidhmíochta córais.
- > **Comhairle** a sholáthar don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoi straitéisí chun feidhmíocht a fheabhsú, chun rochtain a éascú agus chun go mbeidh ar chumas na tíre bheith i gceannas go hidirnáisiúnta san ardoideachas, sa teagasc agus san fhoghlaim, agus sa taighde ardoideachais.

Agus a chumhachtaí **rialála agus maoirseachta** á bhfeidhmiú aige, déanfaidh ÚAO cinnte de go n-úsáidtear iad ar bhealach atá comhréireach, comhsheasmhach, rioscabhunaithe agus éifeachtach; go n-urramaíonn an tsamhail comhrialála freagracht na n-institiúidí iad féin a rialú; agus go seastar le bunphrionsabail na saoirse acadúla atá ag na hinstiúidí oideachais agus ag na daoine a oibríonn iontu.

Tosaíochtaí straitéiseacha ÚAO

Comhthéacs

Don tréimhse 2023–2026, aithnítear ár dtosaíochtaí de réir téamaí faoi cheithre philéar straitéiseach. Is iad seo na ceithre réimse oibre ar a bhfuil misean an tÚAO bunaithe. Déantar iad a chomhlánú tríd na feidhmeanna corparáideacha a chuireann ar ár gcumas an misean a bhaint amach. Ina theannta sin, tá an riachtanas uileghábhach ann tús áite a thabhairt do riachtanais na mac léinn.

Leasanna na mac léinn

Tá ÚAO tiomanta do leasanna na mac léinn a chur chun cinn, ón leibhéal fochéime go dtí an leibhéal iarchéime, agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh mar aon leis an taighde. Sa phlean nua seo, cuirfimid leis an iarracht atá déanta againn tacú le rochtain fheabhsaithe agus tógfaimid conairí níos éagsúla chun rochtain a fháil ar an ardoideachas. Táimid tiomanta do ghuth an mhic léinn a ghabháil trí chaidreamh leanúnach ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus trí ionstraimí spriocdhírthe ar nós an tsuirbhé bhliantúil mac léinn.

Is iad seo na ceithre théama straitéiseacha:




Maoiniú

Tá ÚAO tiomanta do mhaoiniú a sholáthar d’institiúidí go tráthúil agus dul i mbun caidrimh leo chun na meastacháin bhliantúla don earnáil a fhorbairt

Forbairt

Don tréimhse 2023–2026, leanfaidh ÚAO air deiseanna forbartha a sholáthar i réimse lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, taighde, feidhmíocht córais agus institiúideach, rialachas, inbhuanaitheacht agus forbairt ceannaireachta. Chun an earnáil a fhorbairt, oibreofar le páirtithe leasmhara san earnáil, sainaitheofar tosaíochtaí go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta, agus rachfar i mbun caidrimh le mic léinn agus freastalófar ar a riachtanais.





Rialáil & Maoirseacht

Forbróidh ÚAO polasaithe agus nósanna imeachta le haghaidh úsáid na gcumhachtaí idirghabhála a bhfuil foráil déanta ina leith ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. Agus na coinníollacha á bhforbairt don mhaoiniú, don chomhlíonadh, agus don mhaoirseacht in institiúidí ardoideachais ainmnithe, rachaidh ÚAO i gcomhairle lena pháirtithe leasmhara. Leanfaidh sé air freisin ag déanamh monatóireacht ar an úsáid a bhaintear as maoiniú, agus déanfar é sin agus comhsheasmhacht rialachais a mheas inár n-institiúidí.

Comhairle

I dtaca le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá aige, tá an chumhacht ag ÚAO agus an fhreagracht air comhairle a thabhairt don Aire ar aon ní, lena n-áirítear áiteanna mic léinn a sholáthar i gcoitinne, ar an gcóras taighde ardoideachais i gcoitinne, agus ar pholasáí náisiúnta mar is cuí. Cuirfidh ÚAO feabhas ar a phróisis chun go mbeidh ar a chumas na sonraí atá aige a cheistiú agus brí a bhaint astu chun tacú leis na feidhmeanna comhairleacha sin.



ÚAO mar eagraíocht

Chun na tosaíochtaí straitéiseacha seo a fhíorú, beidh gá le gníomh traseagraíochtúil agus le hathrú. Beidh ról ríthábhachtach ag rannóga a bhíonn ag déileáil le cumarsáid, le TF, AD, airgeadas, sonraí, staitisticí, rialachas inmheánach agus seirbhísí eile maidir leis na cuspóirí straitéiseacha seo den phlean a chomhlíonadh thar na ceithre théama go léir.

Cuspóirí agus Tomhais Feidhmíochta

Chun feidhmíocht a thomhas i dtaca le tosaíochtaí straitéiseacha ÚAO, déantar réimsí gníomhaíochta agus na tomhais feidhmíochta a bhaineann leo a ghrúpáil sna réimsí a leanas: (féach na táblaí thíos)

- > tiomantas don sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim, agus forbairt mac léinn,
- > caidreamh seachtrach,
- > oibríochtaí, acmhainniú agus meastóireacht ÚAO,
- > maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála, agus acmhainn a fhorbairt, agus
- > trédhearcacht agus cuntasacht.

Is é a d'fhéadfadh a bheith sna tomhais ná tionscnaimh a chuireann próiseas nó córas i bhfeidhm. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na tionscnaimh sin córas TF a athnuachan nó a fhorbairt nó forbairt a dhéanamh ar na polasaithe agus ar na próisis atá le húsáid chun cumhachtaí rialála nua a chur i bhfeidhm. Is éard a bheidh i gceist leis an tomhas de ghnáth ná an tionscnamh a chríochnú faoin spriocdháta. Toisc gur tionscnaimh fhadtéarmacha iad na tionscnaimh sin, is dócha go gcuirfear san áireamh iad sa Phlean Straitéiseach Corparáideach trí bliana.

Baineann an dara chineál tomhais le feidhmeanna athfhillteacha amhail tuairisciú tréimhsiúil a dhéanamh don Aire, tuarascáil bhliantúil ÚAO a fhoilsiú mar aon le buiséad bliantúil, cruinnithe cuntasachta le hinstitiúidí, agus faisnéis faoi na rátaí ag a gcuireann institiúidí tuarascálacha airgeadais rialta isteach. Is é an gnáth-thomhas ná go gcomhlíonfar na ceanglais go hiomlán. Is cuspóir straitéiseach é an t-ionchas foriomlán maidir le leanúint leis an tomhas sin a chomhlíonadh; is cuid den phlean bhliantúil é go gcomhlíontar an sprioc sin mar a bhaineann sí le gach ní faoi leith.

Is tomhas cainníochtúil é an tríú cineál tomhais agus bíonn sprioc uimhriúil i gceist a bhaineann le bonnlíne. Tá baint láidir ag na tomhais sin leis an bplean oibriúcháin bliantúil, a ndéantar foráil dó anois in alt 21 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. De réir an Achta, ní mór spriocanna feidhmíochta a shocrú do na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean. Ní mór an phlean bliantúil a chur faoi bhráid an Aire laistigh de 28 lá ón dáta a chuirtear an socrú airgeadais bliantúil in iúl. Ar an dóigh sin, is féidir leis an bplean na hacmhainní daonna agus na hacmhainní airgeadais araon atá ar fáil don bhliain a chur san áireamh. Dá réir sin, is féidir méadrachtaí a leagan síos do spriocanna ar féidir iad a bhaint amach go réadúil maidir le bonnlínte reatha. Ós rud é go mbraitheann an chuid is mó de na tomhais ar na hacmhainní atá ar fáil, agus go leagtar síos na hacmhainní sin gach bliain, is sa phlean bliantúil a fhaightear formhór na méadrachtaí feidhmíochta.

I dteannta na dtomhas feidhmíochta sa Phlean Straitéiseach Corparáideach seo, ceanglaítear ar ÚAO freisin pleananna oibriúcháin bliantúla a ullmhú, ina mbíonn méadrachtaí feidhmíochta níos mine agus príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara le fáil. Beidh na méadrachtaí sin de chineál cainníochtúil agus beidh sprioc uimhriúil a bhaineann le bonnlíne i gceist leo.

Forbairt

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
1	Forbairt	Tiomantas don sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim, agus forbairt mac léinn.	Feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ag leibhéal na nInstitiúidí Ard-Oideachais, agus luach saothair a thabhairt ina leith.	<p>(1) An straitéis chun teagasc & foghlaim a fheabhsú a athbhreithniú agus a athnuachan (R3 2024).</p> <p>(2) An straitéis ratha mac léinn a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta (R1 2025).</p> <p>(3) Leanúint leis an gCiste um Ailíniú Straitéiseach chun Feabhas a chur ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim (SATLE) (2023–2026).</p> <p>(4) Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar théamaí straitéiseacha náisiúnta (2023–2026).</p> <p>(5) Leanúint leis na Dámhachtainí le haghaidh Sármhaitheas Disciplíneach san Fhoghlaim agus sa Teagasc (DELTA) (2023–2026).</p>
2	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála, agus acmhainn a fhorbairt.	Cuspóirí feidhmíochta na nInstitiúidí Ard-Oideachais a fheabhsú.	<p>(1) Próiseas leasaithe straitéise agus idirphlé feidhmíochta a fhorbairt agus a sheoladh (R3 2024).</p> <p>(2) Comhaontuithe Feidhmíochta na nInstitiúidí Ard-Oideachais a fhoilsiú ina leagtar amach Spriocanna Feidhmíochta atá ailínithe go straitéiseach agus a bhfuil méadrachtaí agus spriocanna ag gabháil leo (R2 2024).</p> <p>(3) Ó 2025, próiseas athbhreithnithe bhliantúil a chur i bhfeidhm le nInstitiúidí Ard-Oideachais (2025–2026).</p>
3	Forbairt	Feabhas a chur ar ghabháil faisnéise agus ar an anailís a dhéantar uirthi.	Faisnéis a ghabháil chun eolas níos fearr a thabhairt don earnáil ardoideachais trí fheabhas a chur ar mhodhanna bailiúcháin agus anailíse.	<p>(1) Tús a chur le próiseas/próisis chun an Córas Taifead Mac Léinn a athfhorbairt agus chun Bunachar Sonraí Foirme a fhorbairt (2023–2026).</p> <p>(2) Feabhas a chur ar an mbonn fianaise chun tacú le cinntí infheistíochta caipitil agus le DFHERIS sa chlár oibre cóiríochta do mhic léinn (2023–2026).</p> <p>(3) Leanúint le sonraí ardchaighdeáin, fianaisebhunaithe a thomhaiseann dul chun cinn an Phlean Náisiúnta Rochtana agus a chuireann bonn eolais faoi spriocanna náisiúnta (2023–2026).</p>

Forbairt

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
4	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Acmhainn a fhorbairt don chóras rialachais.	<p>(1) Athbhreithniú ar chórais agus ar phróisis rialachais ÚAO bunaithe ar Acht ÚAO, 2022 (2023–2026).</p> <p>(2) Nósanna imeachta bainistíochta teagmhas criticiúil a chur ar bhonn foirmiúil don rialachas agus don phróiseas géaraithe rialachais (2023–2026).</p> <p>(3) Togra a fhorbairt do Ráitis Rialachais Bhliantúla ÚAO-IAO, ar córas rialachais é (CROI) (2023–2026).</p> <p>(4) Gairm tograí maoinithe ó IAO le haghaidh bearta spriocdhírthe chun acmhainn rialachais a fheabhsú (R2 2025).</p>
5	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	An earnáil a fhorbairt trí phleanáil chothromaithe agus acmhainn córais a mhéadú san Ard-Oideachas agus sa Taighde, agus trí chomhoibriú agus comhar a neartú.	<p>(1) Infrastruchtúr taighde náisiúnta a fhorbairt (2023–2026).</p> <p>(2) Acmhainn a thógáil sa chomhoibriú taighde ar bhonn uile-oileánda agus idirnáisiúnta (2023–2026).</p>
6	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Cláir a bhainistiú chun freastal ar chuspóirí náisiúnta i dtaca le scileanna.	<p>(1) Pleanáil agus forbairt straitéiseach ar chláir scileanna ÚAO chun a chinntiú go gcomhlíontar spriocanna náisiúnta maidir le háiteanna fochéime, iarchéime, printíseachta agus leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil (R4 2023).</p> <p>(2) Cláir scileanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil chun a chinntiú go mbaintear amach spriocanna ábhartha, lena n-áirítear riachtanais faoi leith a chur in iúl d’Institiúidí Ard-Oideachais (R3 2024).</p>

Forbairt

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
7	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Comhar agus comhoibriú a chur chun cinn le hearnálacha ardoideachais lasmuigh den Stát, ag tabhairt aird ar straitéis idirnáisiúnta an Rialtais don ardoideachas.	(1) Polasaithe a fhorbairt chun éifeacht a thabhairt do chomhar agus comhoibriú le hearnálacha ardoideachais lasmuigh den Stát (2023–2026). (2) Leanúint le Clár Scoláireachtaí Rialtais na hÉireann don Oideachas Idirnáisiúnta nó a chomharba, mar chuid den Straitéis Idirnáisiúnta atá foilsithe anois (2023/4–2026).
8	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Dianchláir chumaisc a fhorbairt laistigh de Erasmus+ do mhic léinn nach féidir leo dul ag staidéar thar lear ar feadh tréimhsí fada.	(1) Deiseanna nua a fhorbairt don tsoghluasteacht trí dhianchláir chumaisc chun go mbeidh rochtain níos fearr ar an eispéireas idirnáisiúnta. (2023–2026).
9	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Oibriú le hinstiúidí chun obair atá déanta ar CÉI agus ar Dheireadh a Chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh Gnéasach a chur ar aghaidh agus a leabú ar fud na hearnála.	(1) Creat polasaí comhtháite a fhorbairt don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsiú (CÉI) san earnáil ardoideachas agus taighde (2026). (2) Comhionannas Inscne san earnáil ardoideachais a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air trí na moltaí ábhartha den Dara hAthbhreithniú ó ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais Éireannacha (2006) a chur i bhfeidhm. (3) An obair ar Dheireadh a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh Gnéasach san earnáil ardoideachais a chur chun cinn trí thacú le Creatáil agus Pleananna Gníomhaíochta (2022–2024). (4) An obair ar Chomhionannas Ciníochas san earnáil ardoideachais a chur chun cinn trí Phlean Cur i bhFeidhm ÚAO um Chomhionannas Ciníochas 2022–2024 agus Prionsabail Frithchiníochais ghaolmhara (2022–2024). (5) Athbhreithnithe a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta faoi na pleananna thuas in 2024 agus táscairí a bhunú go dtí deireadh na bliana 2026 bunaithe ar thorthaí athbhreithnithe (2024–2026).

Forbairt

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
10	Forbairt	Caidreamh Seachtrach.	Caidreamh agus bainistiú páirtithe leasmhar.	(1) Caidreamh leis an lucht Fiontraíochta i bhfóram éagsúla in 2024. (2) Caidreamh leis an bpobal trí fheachtais meán (Bliantúil R2/R3). (3) Imeachtaí agus cruinnithe a reáchtáil chun seisiúin chomhroinnte eolais agus dea-chleachtas a éascú (2023–2026). (4) Grúpaí oibre a chruthú chun dul i mbun caidrimh le páirtithe leasmhara mar is gá. Áireofar leis sin caidreamh le hinstiúidí maidir le riachtanais náisiúnta shainaitheanta scileanna a chomhlíonadh (2023–2026).
11	Forbairt	Tiomantas don sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim, agus forbairt mac léinn.	Cuidiú le forbairt foirne i dtaca leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus le cumas taighde.	(1) Tacú le forbairt ghairmiúil na foirne tríd an gCreat Forbartha Gairmiúla agus an Creat Aitheantais Ghairmiúil a chur chun cinn (R2 2024). (2) Cuidiú leis an bhforbairt ar an bpláiné cumais taighde, agus soghluaisteacht an lucht taighde a chur chun cinn (2023–2024).
12	Forbairt	Tiomantas don sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim, agus forbairt mac léinn.	Tacú le baill foirne agus le mic léinn san ardoideachas.	(1) Tacú le cur i bhfeidhm na Cairte agus an Chreata um Champas Sláintiúil (2023–2026). (2) Straitéis ÚAO a fhorbairt do Shláinte & Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne (R1 2025). (3) Leanúint le hobair ar an suirbhé mac léinn studentsurvey.ie a sheasfaidh an aimsir (2023–2026).
13	Forbairt	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Laghdú in astaíochtaí earnála poiblí a chumasú i gcomhar le páirtithe leasmhara.	(1) Cláir dhíchárbónaithe a chur chun cinn don earnáil Ard-Oideachais (2023–2026).

Maoiniú

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
1	Maoiniú	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Creat Maoinithe a fhorbairt.	(1) Ullmhaítear an creat maoinithe agus déantar é a uasdátú mar is gá (2023–2026).
2	Maoiniú	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Leanúint le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na hoibríochta ‘Maoiniú Córais’.	(1) Íocaíochtaí cláir agus deontais do IAOnna a phróiseáil go tráthúil agus go cruinn (2023–2026). (2) Fógraí deontais a thabhairt do IAOnna faoin 1 Márta gach bliain (2023–2026). (3) Nósanna imeachta oibríochtúla caighdeánacha maidir le Maoiniú Córais a bheith i bhfeidhm do gach príomhphróiseas, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu gach dara bliain ar a laghad (2023–2026).
3	Maoiniú	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	An earnáil a fhorbairt trí phleanáil chothromaithe agus acmhainn córais a mhéadú san Ard-Oideachas agus sa Taighde, agus trí chomhoibriú agus comhar a neartú.	(1) Cláir Infheistíochta Caipitil a sholáthar go héifeachtach (2023–2026). (2) Maoiniú spriocdhírthe don fhorbairt córais (2023–2026). (3) Maoiniú agus tacacaíocht a thabhairt don fhorbairt ar an timpeallacht Taighde AO in Éirinn, lena n-áirítear taighde oscailte, agus dea-chleachtas a leabú sa taighde bunaithe ar ghníomhartha tosaíochta ERA (2023–2026).
4	Maoiniú	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Maoirseacht éifeachtach a chinntiú i dtaca le Clár Infheistíochta Caipitil an Údaráis.	(1) Cuntasacht de réir an Chomhaontaithe Maoirseachta atá i bhfeidhm do Chlár Infheistíochta Caipitil an Údaráis (2023–2026).
5	Maoiniú	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála agus acmhainn a fhorbairt.	Scileanna agus infhostaitheacht – cur le soláthar scileanna náisiúnta agus infhostaitheacht céimithe a chinntiú.	(1) Maoiniú a sholáthar do thionscnaimh uasoiliúna agus athoiliúna (R4 2023). (2) Maoiniú a sholáthar chun córas solúbtha nuálach a chinntiú chun freagairt do riachtanais scileanna de réir mar a thagann siad chun cinn sa gheilleagar (R2 2025).

Comhairle

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
1	Comhairle	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála, agus acmhainn a fhorbairt.	Comhairle a sholáthar don rialtas faoin oideachas treasach agus taighde mar is gá.	(1) Acmhainn bhreise córais a sholáthar i gcúrsaí Fiaclóireachta, Míochaine, Altranais, Cógaisíochta agus Tréidliachta, agus áiteanna breise ar fáil sna réimsí disciplíneacha sin (2024–2028).
2	Comhairle	Maoiniú, feidhmíocht agus forbairt earnála, agus acmhainn a fhorbairt.	Téamaí polasaí bliantúla a shainathint agus tacú leo chun go n-úsáidtear iad mar bhunús don fhorbairt earnála.	(1) Fóraim pholasaí a chruthú le hacadóirí, IAOnna, páirtithe leasmhara agus an lucht déanta beartas (2024–2026), lena n-áirítear téamaí a dhíríonn ar bhacainní a shainathint ar fhorbairt mac léinn agus IAOnna.

Rialáil & Maoirseacht

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
1	Rialáil & Maoirseacht	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Cistí poiblí agus cistí na n-institiúidí a chosaint, agus ar an dóigh sin leasanna mac léinn a chosaint i ndáil le hairgeadas, rialachas, agus monatóireacht eile ar rioscaí i leith IAOnna.	<p>(1) Comharthaí réamhrabhaidh a fhorbairt chun rioscaí agus treochothaí a mhonatóiriú sna rannóga éagsúla (2023–2026).</p> <p>(2) Faisnéis a iarraidh ar IAOnna (comhlíonadh 100%) (2023–2026).</p> <p>(3) Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gcomhaontú maoirseachta gach bliain, agus é sínithe ag gach IAO in R1 gach bliain (2023–2026).</p> <p>(4) Cruinnithe buiséid a thionól le gach IAO a fhaigheann maoiniú ó ÚAO faoi dheireadh R2 gach bliain (2023–2026).</p>
2	Rialáil & Maoirseacht	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Maoirseacht agus cuntasacht.	<p>(1) Monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí na dTionscnamh Scileanna chun fianaise a sholáthar don fhorbairt polasaí (2023–2026).</p> <p>(2) Tuairisciú rialta maidir le maoiniú, bainistíocht agus aidhmeanna an Phlean Náisiúnta Rochtana (2023–2026).</p> <p>(3) Cuntasacht a chinntiú i gcaiteachas maoinithe phoiblí (2023–2026).</p> <p>(4) Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí do mheabhairshláinte agus folláine mac léinn (2023–2026).</p> <p>(5) Cuntasacht a chinntiú maidir le talamh a cheannach (2023–2026).</p> <p>(6) Maoirseacht a dhéanamh ar idirbhearta réadmhaoine san Earnáil Teicneolaíochta (2023–2026).</p> <p>(7) Sceideal bliantúil a sholáthar do IAOnna i dtaca le riachtanais sonraí agus faisnéise a éilíonn ÚAO (2023–2026).</p>

Rialáil & Maoirseacht

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
3	Rialáil & Maoirseacht	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Cur leis an dul chun cinn a rinneadh ar rialachas córais agus é sin a chaomhnú.	<p>(1) Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Chomhaontuithe Maoirseachta Bliantúla (R4 gach bliain).</p> <p>(2) Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Ráitis Rialachais Bhliantúla (R3 gach bliain).</p> <p>(3) Comhordú leis an rannóg Airgeadais nuair atá Ráitis Airgeadais Iniúchta Bhliantúla á n-athbhreithniú (R2/3 gach bliain).</p> <p>(4) Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí rialachais a eascraíonn ó Thuarascálacha Institiúideacha Rialta (gach ráithe).</p> <p>(5) Athbhreithniú a dhéanamh ar Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta agus iad a chur i bhfeidhm (R4 gach bliain).</p>
4	Rialáil & Maoirseacht	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Tacú le rialachas éifeachtach IAOnna.	<p>(1) Creat Maoirseachta Rialachais a fhorbairt do IAOnna (2023) R1 2023.</p> <p>(2) An Creat a fhoilsiú agus dul i gcomhairle leis an earnáil faoi na bearta atá riachtanach 2023–2024 (R2 2023).</p> <p>(3) Caidreamh bliantúil a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara rialachais earnála ar AGS agus ar ghnéithe eile den Chreat (2023–2026).</p> <p>4) Treoir a fhorbairt maidir le ceanglais rialachais Acht ÚAO, 2022.</p>
5	Rialáil & Maoirseacht	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas.	<p>(1) Athbhreithnithe Rialachais in R2 gach bliain (2023–2026).</p> <p>(2) Athbhreithnithe Téamacha (ag eascairt ó Athbhreithnithe Rialachais) (R1 2024 agus gach bliain ina dhiaidh sin mar is cuí).</p>

ÚAO mar eagraíocht

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
1	ÚAO	Oibríochtaí, acmhainní agus meastóireacht ÚAO.	Feabhas a chur ar chórais faisnéise agus sonraí.	(1) Príomhchláir sonraí a fhorbairt (2023–2026). (2) Obair a dhéanamh i rannóga ÚAO chun feabhas a chur ar anailís ar shonraí agus ar léirmhíniú agus comhtháthú sonraí (2023–2026).
2	ÚAO	Oibríochtaí, acmhainní agus meastóireacht ÚAO.	Straitéis TFC agus Dhigiteach a fhorbairt chun cur leis an bPlean Straitéiseach Corparáideach.	(1) Straitéis TFC agus Straitéis Dhigiteach a sheachadadh faoi R2 2024. (2) Aga fónaimh dóthananch a chinntiú agus a chaomhnú don fheidhmíocht optamach (2023–2026).
3	ÚAO	Oibríochtaí an ÚAO, acmhainní a chur ar fáil agus measúnachtaí a dhéanamh.	Straitéis AD a fhorbairt chun cur leis an bPlean Straitéiseach Corparáideach.	(1) Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na scileanna riachtanacha agus an saineolas riachtanach ar fáil chun an Plean Straitéiseach Corparáideach a chomhlíonadh i gcomhréir leis an bplean comhaontaithe fórsa saothair atá le tabhairt cothrom le dáta gach bliain (2023–2026). (2) Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an lucht saothair gafa go hiomlán trí phleananna forbartha foirne, in R2 gach bliain. (2023–2026). (3) Suirbhéanna cultúir bliantúla (ó R4 2024). (4) Straitéis AD a fhorbairt (R1 2024).
4	ÚAO	Trédhearcacht agus cuntasacht.	Tacú le rialachas éifeachtach IAOnna.	(1) Creat Maoirseachta Rialachais (GOF) a fhorbairt do IAOnna (2023) in R1 2023. (2) Creat a fhoilsiú agus dul i gcomhairle leis an earnáil maidir leis na bearta a theastaíonn 2023–2024 (R2 2023). (3) Caidreamh bliantúil a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara rialachais earnála ar AGS agus ar ghnéithe eile den Chreat (2023–2026). (4) Treoir a fhorbairt maidir le ceanglais rialachais Acht ÚAO, 2022.

ÚAO mar eagraíocht

#	Tosaíocht Straitéiseach	Réimse	Cuspóir Straitéiseach	Tomhais Feidhmíochta
5	ÚAO	Oibríochtaí, acmhainní agus meastóireacht ÚAO.	Feabhas a chur ar ár gcainéil chumarsáide.	(1) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí agus athbhreithniú a dhéanamh trí shuirbhé (R2 2024).
6	ÚAO	Oibríochtaí, acmhainní agus meastóireacht ÚAO.	Feabhas a chur ar na gníomhartha a dhéanann an eagraíocht ar son na haeraíde.	(1) Plean na heagraíochta a fhoilsiú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 de réir a Plean Gníomhaithe ar son na hAeraíde (thar bhonnlíne 2016-18), agus chun Éifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030 (R4 2023). (2) Tuairisciú ar chomhlíonadh spriocanna gach bliain trí Thuarascáil Bhliantúil ÚAO (2023–2026).
7	ÚAO	Oibríochtaí, acmhainní agus meastóireacht ÚAO.	Feabhas a chur ar chúrsaí comhionannais, éagsúlachta & ionchuimsithe na heagraíochta.	(1) Plean Gníomhaíochta Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le foilsiú ag ÚAO agus tuairisciú a dhéanamh air (R4 2023). (2) Tuairisciú ar chomhlíonadh spriocanna gach bliain trí Thuarascáil Bhliantúil ÚAO (2023–2026).
8	ÚAO	Caidreamh Seachtrach.	An straitéis chumarsáide a nuashonrú chun aird a thabhairt ar pholasaithe agus nósanna imeachta nua, é sin le forbairt faoin bPlean Straitéiseach Corparáideach.	(1) Polasaithe cumarsáide a athbhreithniú agus a fhorbairt chun leanúint le gníomhaíochtaí ÚAO a chur chun cinn (2023–2026).

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na straitéise

Is faoi stiúir Fheidhmeannas ÚAO a chuirfear i bhfeidhm an Plean Straitéiseach Corparáideach 2023-2026 agus déanfaidh an Bord maoirseacht air. Beidh feidhm comhordaithe lárnach ann a dhéanfaidh monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean agus a dhéanfaidh é a mheas. Léireofar é sin trí na nithe seo a leanas:

- > pleananna bliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh,
- > tuairisciú a dhéanamh go rialta do Bhord ÚAO,
- > Tuarascálacha Bliantúla ó ÚAO, agus
- > athbhreithniú meántearma.

Cén riocht ba mhaith linn a bheith ar ÚAO ag deireadh na tréimhse atá clúdaithe faoin bplean seo?

Is ag ÚAO a bheidh an príomhról maidir le haidhm ghinearálta Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, a bhaint amach - is é sin córas ardoideachais ardchaighdeán a sholáthar atá dírithe ar mhic léinn agus ag a bhfuil maoirseacht agus cuntasáocht chuí chun go mbeidh muinín phoiblí ag páirtithe leasmhara, ag mic léinn agus ag an bpobal ann.

Leanfaidh ÚAO leis an misean atá aige institiúidí a **mhaoiniú** agus oibreoidh sé leo chun an earnáil a **fhorbairt**. Cuirfidh sé **maoirseacht rialála** i bhfeidhm agus soláthróidh sé **comhairle** don Rialtas. Cuirfidh ÚAO maoiniú ar fáil ar bhealach cothromasach agus tabharfaidh sé aird ar thosaíochtaí polasaí phoiblí an tráth céanna.



Teagmháil

Guthán: +353 1 231 7100

Uimhir Lo-Call: 1890 200 637

Facs: +353 1 231 7172

rPhost: info@hea.ie www.hea.ie

[X@hea_irl](#)